11 Eanáir, 2018

Eisíodh cinneadh don chéad iarratas um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta do lóistín mac léinn ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC).

Tagairt Cáis: TA0001

Bheartaigh An Bord Pleanála ar chead a thabhairt do dhá chéim forbartha lóistín mac léinn ag COBÁC, atá comhdhéanta de 2,178 spás leaba. Dhiúltaigh an Bord do chéim eile na forbartha.

Seo é an chéad iarratas a rinneadh cinneadh air faoi reachtaíocht a achtaíodh a thugann cead d'iarratais pleanála d'fhorbairtí straitéiseacha tithíochta le níos mó ná 100 aonad tithíochta agus ó 200 spás leaba mac léinn le bheith curtha isteach díreach go dtí An Bord Pleanála. Is fiú cinneadh a dhéanamh ar na hiarratais seo laistigh de thréimhse éigeantach 16 seachtaine.

Cuireadh an iarratas isteach go dtí An Bord Pleanála ar an 21 Mean Fómhair 2017, agus rinneadh cinneadh air roimh an spriocdháta a bhí acu, 19 Eanáir 2018. Bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí san áireamh sa phróiseas iarratais agus lean sé críochnú comhairliúcháin réamhiarratas leis an mBord Pleanála agus an údarás áitiúil oiriúnach.

Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird ar fáil mar seo a leanas:

- Ordú Boird [as Béarla]
- Treoir an Bhoird [as Béarla]
- Tuairisc an Chigire [as Béarla]

Mar atá ar an 9 Eanáir 2018, tá 14 iarratas faighte ag An Bord Pleanála d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (Aguisín A).

Is féidir eolas d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanála.ie. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.

Aguisín A

Forbairt Straitéiseach Tithíochta

Iarratais idir Lámha (mar atá ar an 9 Eanáir, 2018)

Iarratas	Cur Síos Gairid	Suíomh Gréasáin	Fuarthas ar	Cinneadh le déanamh faoi
Forbairt Chónaithe				
Clay Farm, Baile Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 18	365 theach agus 562 árasán	www.cfp2.ie	22/09/2017	22/01/2018
Forbairt Chónaithe ag Troscaigh Thoir, Bearna, Co. na Gaillimhe.	113 theach	www.bearnahousingburkeway.com	23/10/2017	20/02/2018
Iar-Thailte CIÉ, Bóthar Charnlaigh, An Chabrach, Baile Átha Cliath 7	419 n-árasán agus teach amháin (1)	www.cabraSHD.ie	19/12/2017	18/04/2018
Bóthar an Stáisiúin, Port Mearnóg, Baile Átha Cliath.	98 dteach agus 52 árasán.	www.portmarnocksouthphase1b.com	20/12/2017	19/04/2018
Baile an Ghleanna, Gleann Maghair, Co. Corcaigh.	496 theach agus 112 árasán.	www.ballinglanna.ie	20/12/2017	19/04/2018
Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn agus Lána Gairtéir, Teach Sagard, Co. Bhaile Átha Cliath.	459 dteach cónaithe, 67 n-árasán	www.fortunestownshd1.com	21/12/2017	20/04/2018
Cnoc na Cille agus Cúirt an Iarla, An Chill, Co. Chill Dara.	130 teach	www.jfocarchitects.com/shdtc0016	22/12/2017	23/04/2018

Iarratas	Cur Síos Gairid	Suíomh Gréasáin	Fuarthas ar	Cinneadh le déanamh faoi
Tailte taobh thoir de Choláiste Naomh Pól, Ráth Eanaigh, Baile Átha Cliath 5.	104 theach and 432 árasán	www.stpaulsshd.ie	22/12/2017	23/04/2018
An Leathchlár Srathra, Bóthar Ballygaddy, Tuaim, Co. na Gaillimhe.	128 dteach	www.arlumtuamhousingdevelopment.com	22/12/2017	23/04/2017
Wonderful Barn Complex, Bóthar Chill Droichid, Halla an Scioból, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara.	350 teach agus céad árasán	www.barnhallplanning.ie	05/01/2018	26/04/2018
Forbairt Mac Léinn agus Chónaithe				
An iarláthair Blakes and Esmonde Motors, Bóthar Chill Mochuda Íochtarach, Stigh Lorgan, Baile Átha Cliath	576 spás leaba and 103 árasán	www.stillorganresplanning.com	20/12/2017	19/04/2018
Lóistín Mac Léinn				
An tIonad Uí Dhonnghaile, Sráid Corcaigh, Baile Átha Cliath 8.	399 spás leaba	www.corkstreetresplanning.com	14/11/2017	13/03/2018
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.	255 spás leaba	www.planning.ucc.ie	29/11/2017	29/03/2018